

**AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS (ERC)  
FOLÚNTAIS DO PHOIST LÁNAIMSEARHA MAR CHÚNTÓIRÍ TAIGHDE (3)**

- **(Post 1) Cúntóir Taighde – anailís mhórsála agus measúnú ar líne** (téarma seasta)
- **(Post 2) Cúntóir Taighde – Gaeilge, obair ar dtús a bhaineann le Meastóireacht na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta** (buan)
- **(Post 3) Cúntóir Taighde – Ginearálta** (chun cuspóirí éagsúla a chomhlíonadh, téarma seasta agus buan araon).

Ba chóir do **gach** iarratasóir céim onóracha (1 nó 2:1) a bheith acu i ndisciplín ábhartha (m.sh., síceolaíocht, staitisticí, oideachas, eolaíocht shóisialta). Is **inmhianaithe** go mbeadh iarchéim i ndisciplín ábhartha ag an iarratasóir; taithí taighde (go háirithe taighde ar staidéir mhórsála, ina measc a bheith i dteagmháil le scoileanna agus anailís staitisticiúil ar shonraí suirbhé mórsála); eolas ar thrialacha caighdeánacha a fhorbairt; agus/nó láncheadúnas tiomána.

**SCÁLA TUARASTAIL: €33,710 – €46,628**

**Cruthófar painéal amháin nó níos mó ná sin óna bhféadfaí folúntais dá leithéid céanna a líonadh sa todhchaí. Beidh na painéil i bfeidhm do thréimhse 12 mí ó spriocdháta na n-iarratas agus d'fhéadfaí síneadh 6 mhí breise a chur leis sin.**

*Déanfar na ceapacháin ar bhonn téarma-seasta (cuspóir ar leith luaite) nó buan (ag brath ar Chlár Oibre an FTO) agus é sin faoi réir ag tréimhse promhaidh 6-mhí a bheith comhlíonta go sásúil.*

Táthar ag súil go ndéanfar na hagallaimh a reachtáil laistigh de choicís ón spriocdháta ina bhfaighfear na hiarratais. Déanfar gearrliostáil.

**Caithfidh** iarratasóirí iad seo a bheith san áireamh sna hiarratais:

- litir chumhdaigh a dhéanann cur síos ar an tslí ina sásaíonn scileanna agus taithí an iarratasóra riachtanais an phoist/na bpost
- curaclam vitae
- ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí
- a thabhairt le fios cé na poist ar a bhfuiltear ag cur isteach (is féidir iarratais a chur isteach ar iliomad post): i.e. (1) anailís agus measúnú ar líne (2) Gaeltacht agus/nó Gaeilge, nó (3) Ginearálta.

**SPRIODHÁTA: 5.00 IN, DÉ MÁIRT, 10 MÁRTA 2020.**

chuig: [vacancies@erc.ie](mailto:vacancies@erc.ie)

nó sa phost chuig: Folúntais, An Foras Taighde ar Oideachas, DCU (Campas Naomh Pádraig), Droim Conrach, D09 AN2F

*(Ba chóir go gcruthódh iarratais ar ríomhphost uathfhreagra – muna bhfaigheann tú freagra go luath tar éis duit d'iarratas a chur isteach déan teagmháil le Patricia Gaffney ag 01 837 37 89.)*

# Sonraíocht Post

## Cúlra

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966, agus tá sé lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Campas Choláite Phádraig, i nDroim Conrach. Déantar taighde ar iarratais ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ghníomhaireachtaí eile (m.s. NCCA nó NCSE) agus ar thosaíocht na foirne san FTO. Déannann an Foras soláthar freisin ar sheirbhís mheasúnaithe don chóras oideachais, mar shampla, trialacha caighdeánacha a fhorbairt agus a dháileadh don úsáid ag scoileanna. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an FTO ag [www.erc.ie](http://www.erc.ie).

## Na Poist

Déanfar iarratasóirí rathúla a dháileadh ar cheann amháin nó níos mó de na tionscnaimh taighde, meastóireachta nó trialacha a fhorbairt ar chlár oibre na FTO.

*Déanfar na ceapacháin ar bhonn buan nó téarma-seasta (ag brath ar Chlár Oibre an FTO) agus é sin faoi réir ag tréimhse promhaidh 6-mhí a bheith comhlíonta go sásúil.*

### **Riachtanais do gach iarratasóir, pé acu ag déanamh iarratais ar Phoist 1, 2 agus/nó 3 (príomhriachtanais):**

- Céim onóracha (1 nó 2:1) i ndisciplín ábhartha (m.sh. síceolaíocht, staitisticí, anailísíocht sonraí, oideachas, eolaíocht shóisialta)
- Scileanna ar anailís staitistiúil (inniúlacht SPSS nó a leithéid san áireamh)
- Sárchumas scríbhneoireachta
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, go háirithe an cumas teagmháil a dhéanamh le scoileanna agus le hinstiúidí agus/nó eagraíochtaí oideachasúla eile
- Sárscileanna pleanála agus eagraíochta
- Sár-éifeachtacht phearsanta, solúbthacht agus réiteach fadhbanna
- An cumas a bheith ag obair as a stuaim féin agus go comhoibríoch

*agus ar a laghad dhá cheann acu seo a leanas:*

- Iarchéim i ndisciplín ábhartha (m.sh. síceolaíocht, staitisticí, anailísíocht sonraí, oideachas, eolaíocht shóisialta)
- Ardleibhéil cumais i nGaeilge labhartha agus scríofa
- Taithí ar bhunachar sonraí a bhainistiú
- Taithí a bheith ag obair i dtimpeallacht taighde
- Eolas ar ghnóthaí oideachasúla
- Eolas ar thrialacha síciméadracha a chruthú agus a chaighdeánú.

Is inmhianaithe, ach níl sé éigeantach, láncheadúnas tiomána glan agus rochtain ar charr do chúiseanna oibre ócáideacha bainteach leis an obair do **gach** iarratasóir.

## Scileanna/taithí inmhianaithe de réir poist (mar aon lena bhfuil luaite sa leathanch roimh ré):

### (1) Anailís agus measúnú ar líne

- Taithí ar obair le Microsoft Excel nó le feidhmchlár eile chun cairt agus aschuir eile a sholáthar le tuairisciú ar shuirbhé uimhreach nó ar thorthaí measúnuithe.
- An cumas a bheith ag obair le feidhmchláir bhunachar sonraí nasctha, ar nós Microsoft Access.
- Taithí ar bheith ag obair mar riarthóir nó mar chomhordaitheoir ar chlár tástála mórscála ar líne, ag an mbunleibhéal/iar-bhunleibhéal mar rogha.

### (2) Gaeltacht / An Ghaeilge

- Líofa sa Ghaeilge labhartha agus ardleibhéal cruinnis sa Ghaeilge scríofa.
- Taithí ar cheistanna suirbhé nó ar ionstraim trialach aois-scoile a fhorbairt agus/nó a riar

## Príomhdhualgais

Beidh sé i gceist go ndéanfaidh gach iarratasóir rathúil:

- Cabhrú le hobair riaracháin ghinearálta bainteach le tionscnaimh (m.sh. teagmháil le scoileanna agus le gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile)
- Ionstraim a ullmhú nó a leasú (m.sh., trialacha, ceistneoirí) don úsáid i dtionscnaimh
- Cabhrú le bainistiú na mbunachar sonraí
- Freastal ar chruinnithe (b'fhéidir thar lear anois is arís) agus dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha maidir leis na tionscnamh a bhíonn dáilte
- Cuardaigh agus athrbhreithnithe litríochta a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí maidir le sonraí a phróiseáil agus a chodáil a dhéanamh faoi fheitheoireacht
- Anailís staitistiúil a dhéanamh (m.sh., SPSS, HLM, MPLUS a úsáid) faoi fheitheoireacht
- Cuidiú le tuairiscí a scríobh
- Aon dualgais eile a dhéanamh a d'fhéadfaí a dháileadh ó am go ham.

## Scála Tuarastail: €33,710 – €46,628

Déanfar na ceapacháin ar Scála Cúntóra Taighde don Earnáil Phoiblí ag pointe atá de réir Polasaí Pá an Rialtais faoi láthair, le hiontrálaithe nua ag tosú ag an gcéad pointe den scála.

**Cruthófar painéal amháin nó níos mó ná sin óna bhféadfaí folúntais dá leithéid céanna a líonadh sa todhchaí. Beidh na painéil i bhfeidhm do thréimhse 12 mí ó spriocdháta na n-iarratas agus d'fhéadfaí síneadh 6 mhí breise a chur leis sin.**

**Caithfidh** iarratasóirí iad seo a bheith san áireamh sna hiarratais:

- litir chumhdaigh a dhéanann cur síos ar an tslí ina sásaíonn scileanna agus taithí an iarratasóra riachtanais an phoist
- curaclam vitae
- ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí
- a thabhairt le fios cé na poist ar a bhfuiltear ag cur isteach (is féidir iarratais a chur isteach ar iliomad post): i.e. (1) Anailís agus measúnú ar líne (2) Gaeltacht agus/nó Gaeilge, nó (3) Ginearálta.

## **SPRIOC DHÁTA: 5.00 IN, DÉ MÁIRT, 10 MÁRTA 2020.**

chuig: [vacancies@erc.ie](mailto:vacancies@erc.ie)

nó sa phost chuig: Folúntais, An Foras Taighde ar Oideachas, DCU (Campas Naomh Pádraig), Droim Conrach, D09 AN2F

*(Ba chóir go gcruthódh iarratais ar ríomhphost uathfhreagra – muna bhfaigheann tú freagra go luath tar éis duit d'iarratas a chur isteach déan teagmháil le Patricia Gaffney ag 01 837 37 89.)*

**Soláthraíonn an FTO timpeallacht oibre sholúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach agus is fostóir comhionannais é.**